



**IRISH RESEARCH COUNCIL**  
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn

## **SCÉIMEANNA RIALTAS NA hÉIREANN**

Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann  
Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann

**2021**

## **TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA**



**An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,  
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**  
Department of Further and Higher Education,  
Research, Innovation and Science

# Clár Ábhair

SAINMHÍNITHE.....	3
AN CHOMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN .....	4
1 FORLÉARGAS AR NA DÁMHACHTAINÍ .....	5
2 COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LEIS AN DÁMHACHTAIN.....	5
3 LÁTHAIR NA DÁMHACHTANA.....	6
4 NA FREAGRACHTAÍ ATÁ AR AN MEANTÓIR AGUS MAOIRSEOIR ACADÚIL .....	8
5 NA FREAGRACHTAÍ ATÁ AR AN ÓSTEAGRAÍOCHT.....	8
6 RIARACHÁN AIRGEADAIS AGUS INIÚCHADH .....	9
7 ATBHREITHNIÚ AR DHUL CHUN CINN .....	11
8 DUALGAIS BHREISE LASMUIGH DE CHÚRAM NA DÁMHACHTANA .....	12
9 DÁMHACHTAIN A CHUR AR FIONRAÍ .....	13
10 DÁMHACHTAIN A FHOIRCEANNADH .....	14
11 DÁMHACHTAIN GOI A CHUR I gCRÍCH .....	14
12 CÚRSAÍ EITICE AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA.....	15
13 SLÁINE TAIGHDE.....	16
14 AISTRIÚ EOLAIS .....	16
15 ROCHTAIN OSCAILTE .....	16
16 AN GHNÉ MAIDIR LE INSCNE .....	17
17 AITHEANTAS A THABHAIRT DO MHAOINIÚ ÓN gCOMHAIRLE .....	17
18 DÍNIT I mBUN TAIGHDE .....	17
AGUISÍN I – COSTAIS TAIGHDE MAIDIR LE SCÉIMEANNA IARCHÉIME AGUS IARDHOCHTÚIREACHTA RIALTAS NA HÉIREANN .....	18
AGUISÍN II – FAISNÉIS A BHAINNEANN GO SONRACH LE CLÁR GOIPG.....	19
DÁMHACHTAINÍ IARCHÉIME – RIACHTANAIS INCHÁILITHEACHTA.....	19
LUACH NA SCOLÁIREACHTA .....	20
ACHAR NA SCOLÁIREACHTA .....	21
DÁMHACHTAINÍ BREISE.....	22
CLÁR STRUCHTÚRA PHD INCHÁILITHE .....	23
AGUISÍN III – FAISNÉIS A BHAINNEANN GO SONRACH LE CLÁR GOIPD .....	24
DÁMHACHTAINÍ IARDHOCHTÚIREACHTA - RIACHTANAIS INCHÁILITHEACHTA.....	24
LUACH NA DÁMHACHTANA IARDHOCHTÚIREACHTA.....	25
ACHAR NA DÁMHACHTANA IARDHOCHTÚIREACHTA.....	26

## SAINMHÍNITHE

- Ciallóidh **Comhairle** an Chomhairle um Thaighde in Éirinn.
- Ciallóidh **Téarma maoinithe** an tréimhse idir dáta tosaigh oifigiúil na dámhachtana agus an dáta críochnaithe comhaontaithe.
- Chun críche na ndámhachtainí seo, ciallóidh **Institiúid ardoideachais (HEI)** institiúid ardoideachais in Éirinn de réir bhrí Alt 1 d’Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971; agus/nó institiúid atá formheasta chun críocha an Tionscnaimh um Tháillí Saor in Aisce; agus/nó institiúid atá ag fáil maoiniú poiblí de chineál eile ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá liosta de na HEInna/RPOanna in Éirinn atá incháilithe ar fáil [anseo](#).
- Chun críocha na ndámhachtainí seo, ciallóidh **Eagraíocht déanta taighde (RPO)** eagraíocht ina bhfuil acmhainn inmheánach reatha chun taighde a dhéanamh trína ndéantar bun taighde na hÉireann a leathnú agus a fheabhsú go hábhartha agus eagraíocht ina bhfuiltear in ann cumas neamhspleách a léiriú maidir le tabhairt faoi chlár/tionscadail taighde agus iad a stiúradh, de réir mar atá formheasta ag an gComhairle.
- Chun críche na ndámhachtainí seo, ciallóidh **Éire** Poblacht na hÉireann.
- Ciallóidh **Tionscadal taighde** an obair thaighde atá molta ag an sealbhóir dámhachtana agus ceadaithe ag an gComhairle.
- Ciallóidh **Sealbhóir Dámhachtana GOI** duine ar a mbronntar Scoláireacht Iarchéime ón gComhairle um Thaighde in Éirinn nó Comhaltacht Iardhochtúireachta ón gComhairle um Thaighde in Éirinn
- Ciallóidh **Dámhachtain GOI** Dámhachtain Iarchéime Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn nó Dámhachtain Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann.
- Ciallóidh **Ciste GOI** an maoiniú a chuirtear ar fáil don dámhachtain nó sealbhóir Dámhachtana.
- Ciallóidh **Maoirseoir** an duine/na daoine atá freagrach maidir le tacú leis an sealbhóir dámhachtana iarchéime agus é/í a threorú agus maidir leis an gcaighdeán taighde a dhéantar faoin dámhachtain a chinntiú.
- Ciallóidh **Meantóir** an duine/na daoine atá freagrach maidir le tacú leis an sealbhóir dámhachtana iardhochtúireachta agus é/í a threorú agus maidir leis an gcaighdeán taighde a dhéantar faoin dámhachtain a chinntiú.



## AN CHOMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN

Is é **misean na Comhairle ná pobal taighde beoga agus cruthaitheach a chumasú agus a chothú in Éirinn**. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil do thaighdeoirí den scoth ar fud na ndisciplíní ar fad, agus spreagann sí taighde idirdhisciplíneach agus naisc leis an earnáil fiontraíochta. D'fhonn forbairt gairme Taighdeoirí a éascú, cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil dóibh ag tús a ngairmeacha taighde ionas go bhféadann siad cuideachta a choinneáil le foirne taighde fadbhunaithe a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach acu cheana féin as a saothar, lena n-áirítear iad sin a oibríonn go dlúth le fiontraíocht. Tá príomhaidhm straitéiseach na Comhairle dírithe ar chóras taighde atá bunaithe ar shaineolas a thógáil chun cumas cruthaitheach agus nuálach/bonn scileanna na hÉireann a fheabhsú i dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go sciobtha agus ina bhfuil ríthábhacht ag baint le heolas chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a bhaint amach. Gné bharrthábhachtach de mhisean na Comhairle is ea tacú le saineolas taighde a fhorbairt lena chur i bhfeidhm sa saol acadúil, i bhfiontraíocht sa tsochaí shibhialta agus i mbeartas poiblí agus trí sin a dhéanamh, deiseanna gairme éagsúla a chur ar fáil do dhaoine aonair cumasacha.

## 1 – FORLÉARGAS AR NA DÁMHACHTAINÍ

- 1.1. Tionscnamh náisiúnta seanbhunaithe is ea Dámhachtainí Rialtas na hÉireann atá maoinithe ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus á bhainistiú ag an gComhairle.
- 1.2. Is é an aidhm atá le Dámhachtainí Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn ná tacú le hiarrthóirí cuícháilithe ar chéimeanna máistreachta, dochtúireachta agus iardhochtúireachta atá ag tabhairt faoi thaighde **lánaimseartha** i ndisciplín ar bith nó tacú le hiarrthóirí a bhfuil sé i gceist acu a leithéid a dhéanamh.<sup>1</sup> Tríd an gclár, cuirtear deis ar fáil do mhic léinn sármhaithe tionscadal taighde dá gcuid féin a stiúradh ag céim luath ina ngairm, agus oibriú ina rogha réimse spéise in éineacht le maoirseoir ag na bunchéimeanna iarchéime agus in éineacht le príomh-mheantóir ag na céimeanna iardhochtúireachta.
- 1.3. Oibríonn roinnt ranna agus gníomhaireachtaí rialtais leis an gComhairle chun tacú leis an dámhachtain seo mar mheicníocht chun ár gcomhchuspóirí náisiúnta a bhaint amach. In 2021, is iad comhpháirtithe straitéiseacha maoinithe na Comhairle:

### Dámhachtainí Iarchéime

- An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA), Cúnamh Éireann
- An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI)
- Met Éireann

### Dámhachtainí Iardhochtúireachta

- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD)

## 2 - COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LEIS AN DÁMHACHTAIN

- 2.1. Ní mór tús a chur le gach dámhachtain an 1 Meán Fómhair 2021. Ní féidir dámhachtainí a chur siar ach amháin i gcás sos gairme incháilithe.<sup>2</sup>

Coinnítear na dámhachtainí seo faoi réir na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus faoi réir aon choinníollacha forlíontacha a leagtar amach sa tairiscint dámhachtana. Má sháraítear ceann ar bith de na Téarmaí agus Coinníollacha seo, coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin an dámhachtain a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh agus d'fhéadfadh an Chomhairle aisíocaíocht a éileamh maidir le híocaíochtaí dá leithéid atá déanta cheana féin.
- 2.2.
- 2.3. Coimeádann an Chomhairle an cearta aici féin leasuithe a dhéanamh ar na Téarmaí agus Coinníollacha seo gan réamhfhógra.

<sup>1</sup> Ní chuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil i leith céimeanna máistreachta múinte.

<sup>2</sup> Áirítear le sosanna gairme saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire thuismitheoireachta, saoire uchtaíoch, saoire bhreioiteachta fhaidréiseach, agus saoire cúramóra. Ní mór fianaise dhoiciméadaithe ar shos gairme incháilithe a chur ar fáil má tá sé i gceist eisceacht a iarraidh.

- 2.4. Déanfar na Téarmaí agus Coinníollacha seo a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann, agus géillfidh gach páirtí go sonrach agus go neamh-inchúlghairthe do dhlínsí chúrteanna na hÉireann.
- 2.5. Déanfaidh an Chomhairle gach iarracht nósanna imeachta a ghlacadh atá comhsheasmhach le nósanna imeachta rialtas na hÉireann maidir leis an tsochaí faisnéise a fhorbairt agus, dá réir sin, measfar cumarsáid leictreonach atá fíordheimhnithe mar is ceart a bheith comhionann go dlíthiúil le haighneacht ar pháipéar.
- 2.6. Ní bhailíonn an Chomhairle faisnéis i ndáil le huimhir foirne/Aitheantas Mic Léinn an tsealbhóra dámhachtana ná aon chineál aitheantais atá in úsáid in institiúidí óstacha, dá bharr sin, ba chóir sealbhóirí dámhachtana a aithint tríd an Aitheantas Tionscadail a leagtar orthu ag céim an iarratais i gcónaí. Is freagracht de chuid na hinstiúide óstaí taifead a choinneáil ar Aitheantas Tionscadail an tsealbhóra dámhachtana agus é sin a úsáid i ngach cineál comhfhreagrais agus tuairiscithe arna iarraidh ag an gComhairle.
- 2.7. Tugtar dámhachtainí don sealbhóir dámhachtana aonair, agus aird á tabhairt ar chlásal 5.1 agus 5.7 thíos.
- 2.8. Is é freagracht an dámhachtaí a phróifíl ar líne a nuashonrú i gcomhréir le hathruithe maidir lena sheoladh, uimhir ghutháin, nó seoladh ríomhphoist agus an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn laistigh de choicís ar athrú dá leithéid a chur i gcrích.
- 2.9. Tá an HEI freagrach as a chinntiú go bhfuil teacht ag sealbhóirí dámhachtana ar nósanna imeachta éifeachtacha chun fadhbanna a thagann chun cinn a réiteach maidir lena ndámhachtain a riar nó a mhaoirsiú.
- 2.10. I gcás go mbeadh fadhbanna tromchúiseacha ag sealbhóir dámhachtana maidir le maoirseacht nó maidir le ceist acadúil ar bith eile nach féidir a réiteach ag leibhéal na roinne, ba chóir don sealbhóir dámhachtana gnásanna casaoide an HEI a leanúint. Mura féidir na fadhbanna sin a réiteach, ba chóir don sealbhóir dámhachtana an Chomhairle a chur ar an eolas go díreach.
- 2.11. Ba chóir don HEI a chinntiú go bhfuil beartas soiléir agus réasúnach i bhfeidhm maidir le teidlíocht saoire bhliantúil agus é sin a chur in iúl don sealbhóir dámhachtana ag tús na dámhachtana.
- 2.12. Más rud é nach féidir le sealbhóir dámhachtana tabhairt faoin tionscadal i gcomhréir leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo, ní mór don sealbhóir dámhachtana agus dá mhaoirseoir an Chomhairle agus an oifig/na hoifigí ábhartha ina HEI a chur ar an eolas. Ba chóir don sealbhóir dámhachtana é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná coicís ar chás dá leithéid teacht chun cinn. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar ghnáthnósmhaireachtaí HEI an tsealbhóra dámhachtana; mar sin féin, coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin dámhachtain a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

### 3 - LÁTHAIR NA DÁMHACHTANA

- 3.1. Ní mór do shealbhóirí dámhachtana a bheith cleamhnaithe le [HEI incháilithe in Éirinn nó le RPO incháilithe](#).

- 3.2. Tugtar cead do mheantóir/maoirseoir acadúil in HEI/RPO in Éirinn tacú le níos mó ná sealbhóir dámhachtana amháin faoi gach cineál dámhachtana atá ar fáil. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil do shealbhóirí dámhachtana chun tionscadail taighde úrnua a chur i gcrích. Maidir le cásanna ina dtacaíonn meantóir/maoirseoir acadúil le níos mó ná sealbhóir dámhachtana amháin, ní mór go mbeadh na tionscadail difriúil agus úrnua agus nach mbeadh forluí suntasach i gceist.
- 3.3. Ní mór go mbeadh sé d'acmhainn ag na hóstegraíochtaí ar fad treoir ghairmiúil agus meantóireacht a chur ar fáil don sealbhóir dámhachtana agus rochtain ar áiseanna agus/nó sonraí turgnamhacha a chur ar fáil.
- 3.4. Ní féidir dámhachtainí a choinneáil nó a choinneáil ag dul in eagraíocht ar bith seachas an ósteagraíocht atá sonraithe ag an taighdeoir/na taighdeoirí san fhoirm iarratais, seachas sa chás go bhfaightear cead i scríbhinn ón gComhairle roimh ré.
- 3.5. Ní mór do shealbhóirí dámhachtana láithreach dháiríre a choinneáil laistigh dá ranna/scoileanna faoi seach san ósteagraíocht le linn thréimhse na dámhachtana, ní mór dóibh bheith ag cur fúthu i bPoblacht na hÉireann agus laistigh d'achar taistil réasúnach ón ósteagraíocht.
- 3.6. Éilíonn an Chomhairle ar shealbhóirí dámhachtana agus ar mheantóirí/maoirseoirí teagmháil a dhéanamh lena chéile ar bhonn rialta agus teagmháil a dhéanamh lena chéile chomh minic agus is gá. D'ainneoin Chlásal 3.5 agus 3.6, aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh sealbhóirí dámhachtana leas a bhaint as cuid de thréimhse na dámhachtana a chaitheamh ar shiúl óna n-ósteagraíocht. D'fhéadfadh a bheith i gceist le tréimhsí dá leithéid obair allamuigh a dhéanamh atá ábhartha do thionscadal taighde an tsealbhóra dámhachtana nó freastal ar chúrsaí atá ábhartha d'oiliúint an tsealbhóra dámhachtana. De ghnáth, ní cheadóidh an Chomhairle cúrsaí dá leithéid a mhairfidh níos faide ná téarma acadúil amháin agus ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas íoc as táille ná costas breise ar bith a bhaineann le cúrsaí dá leithéid.
- 3.7. Nuair a bhíonn neamhláithreachtaí taighde dá leithéid i gceist ina maireann an neamhláithreacht sin níos faide ná ceithre seachtaine ar fad, ní mór don sealbhóir dámhachtana iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle chun cead a fháil roimh ré i ndáil leis an tréimhse a chaithfear ar shiúl ón institiúid agus ní mór tacaíocht i scríbhinn óna mheantóir/maoirseoir acadúil agus ón mheantóir/maoirseoir acadúil san institiúid ar a bhfuil sé ag tabhairt cuairte a chur leis an iarratas. Cuirfear teimpléad ar fáil chun na críche sin. Ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas i leith táille ná costas ar bith a bhaineann leis sin. Ní mór faisnéis faoi dhul chun cinn i ndáil le turas ar bith a bhaineann le taighde a thaifeadh mar chuid de na tuarascálacha riachtanacha ar dhul chun cinn.
- 3.8. Cé go mbíonn súil ag an gComhairle go gcuirfidh sealbhóirí Dámhachtana a gcuid taighde i gcrích san ósteagraíocht a beartaíodh ar dtús, aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh sé a bheith riachtanach an láthair nó an maoirseoir/meantóir a athrú mar gheall ar chúinsí eisceachtúla. Sa chás sin, ní mór don sealbhóir dámhachtana agus don mheantóir/maoirseoir nó ósteagraíocht bheartaithe nua scríobh chuig an gComhairle d'fhonn an chúis atá leis an athrú a chur in iúl. Déanfaidh an Chomhairle an aighneacht a scrúdú de réir a thuillteanais agus tabharfar freagra maidir leis an gcinneadh faoi cibé is féidir leanúint leis an maoiniú sna cúinsí nua nó nach féidir.

## **4 - NA FREAGRACHTAÍ ATÁ AR AN MEANTÓIR AGUS MAIRSEOIR ACADÚIL**

- 4.1. Éilíonn an Chomhairle go mbeadh teagmháil rialta idir sealbhóirí dámhachtana agus a mheantóirí/maoirseoirí acadúla. Ní mór go mbeadh Príomh-mheantóirí/Príomh-mhaoirseoirí lonnaithe san HEI céanna is atá an sealbhóir dámhachtana.
- 4.2. Beidh sé de riachtanas ar shealbhóirí dámhachtana tuarascáil chuimsitheach ar dhul chun cinn a chur isteach gach bliain. Ní mór don phríomh-mheantóir/príomh-mhaoirseoir meastóireacht rúnda maidir le dul chun cinn sa dámhachtain a chur isteach in éineacht leis na tuarascálacha seo.
- 4.3. Is é an sealbhóir dámhachtana, i gcomhar leis an bpríomh-mheantóir/príomh-mhaoirseoir, atá freagrach as pleanáil airgeadais chúil le linn na dámhachtana.
- 4.4. I gcás iarrataí fionraíochta, (tagair do Chlásal 8) tá sé de fhreagracht ar an bpríomh-mheantóir/príomh-mhaoirseoir acadúil a chinntiú go gcuirtear iarrataí dá leithéid isteach roimh an tréimhse fionraíochta.
- 4.5. Má fhágann an sealbhóir dámhachtana an HEI nó mura bhfuil an sealbhóir ag caitheamh a dhóthain ama nó iarrachta leis an dámhachtain, tá sé de fhreagracht ar phríomh-mheantóir/príomh-mhaoirseoir acadúil an tsealbhóra an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach.

## **5 – NA FREAGRACHTAÍ ATÁ AR AN ÓSTEAGRAÍOCHT**

- 5.1. I gcás dámhachtainí lardhochtúireachta, tá ceanglas ag baint leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo go ndéanfaidh an HEI/RPO conradh fostaíochta leis an sealbhóir dámhachtana d'fhonn an téarma maoinithe a chlúdach.
- 5.2. Ní mór don HEI/RPO cuntasacht iomlán a ghlacadh as an obair thaighde atá maoinithe faoin dámhachtain a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a rialú agus as bainistíocht airgeadais a dhéanamh ar chiste na dámhachtana.
- 5.3. Ní mór don HEI/RPO a chinntiú go gceaptar maoirseoir/meantóir acadúil ar a bhfuil freagracht chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don Sealbhóir Dámhachtana. De ghnáth, bheadh an maoirseoir/meantóir acadúil sin ina phríomhthaighdeoir, nó ina phearsa cuícháilithe eile.
- 5.4. Tá an HEI/RPO freagrach as na saoráidí agus rochtain ar threalamh a theastaíonn ón Sealbhóir Dámhachtana a chur ar fáil chun an taighde a chur i gcrích, agus cinnte a dhéanamh de go ndéantar gach ball trealaimh agus gach ábhar a chuirtear ar fáil don dámhachtain a chothabháil ar bhealach sásúil agus go bhfuil siad inrochtana de réir téarmaí agus coinníollacha réasúnacha.
- 5.5. Ní mór don ósteagraíocht gach cead riachtanach agus gach cead reachtúil a fháil agus a chomhlíonadh arna leagan síos ag údaráis áitiúla agus náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chosaint, truailliú a chosc agus cosaint sláinte agus sábháilteachta an tsochaí i gcoitinne a chinntiú.



## 6 - RIARACHÁN AIRGEADAIS AGUS INIÚCHADH

- 6.1. Cé gur ar an sealbhóir dámhachtana a bhronntar an dámhachtain, is tríd an oifig iomchuí laistigh dá HEI a dhéanfar an ciste dámhachtana a riar.
- 6.2. Faoi réir na dTearmaí agus Coinníollacha seo a chomhlíonadh agus faoi réir tuarascálacha sásúla ar dhul chun cinn a fháil, íocfar an ciste dámhachtana le HEI an tsealbhóra dámhachtana ar bhonn ráithiúil agus roimh ré, agus íocfar an chéad tráthchuid chomh luath is a chuirtear tús leis an dámhachtain. Tá sé de fhreagracht ar an HEI íocaíocht ón gciste dámhachtana leis an sealbhóir dámhachtana a chomhordú ar bhealach tráthúil.
- 6.3. Tá íocaíocht na dámhachtana go hiomlán faoi réir maoiniú leanúnach a bheith á fháil ag an gComhairle ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ón gcomhpháirtí straitéiseach maoinithe (nuair is ábhartha). I gcás go ndéanfaí maoiniú dá leithéid a laghdú nó go n-éireofaí as an maoiniú, ní bheidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ná an comhpháirtí straitéiseach maoinithe, ná an Chomhairle faoi dhliteanas ar bith maoiniú a chur ar fáil nó sealbhóir dámhachtana a chúiteamh mar gheall ar laghdú nó stad i maoiniú dá leithéid.
- 6.4. Tá an HEI freagrach agus cuntasach as úsáid chuí a bhaint as an gciste dámhachtana. Ní féidir leis an HEI cuid ar bith den mhaoiniú a úsáid chun forchostais nó costais riaracháin a chlúdach. Ní mór don HEI bainistíocht airgeadais chuí a chinntiú maidir leis an dámhachtain mar aon le cuntasacht i leith cistí poiblí a úsáid.
- 6.5. Ní chuirfidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn maoiniú ar bith eile ar fáil do shealbhóirí dámhachtana seachas an méid atá formheasta ina gcéad litreacha dámhachtana.
- 6.6. Ní cead maoiniú atá leithdháilte ar íocaíochtaí táillí agus pinsin a athdháileadh.
- 6.7. Níl sé de riachtanas ar shealbhóirí dhámhachtain Rialtas na hÉireann iarrataí ar athdháileadh buiséid a chur isteach chuig an gComhairle lena bhformheas roimh ré. Ba chóir do shealbhóirí dámhachtana iarrataí dá leithéid a chur isteach chuig an institiúid óstach. D'fhéadfadh sealbhóirí dámhachtana, in éineacht leis an HEI, maoiniú atá leithdháilte orthu cheana féin i gcomhair costais dhíreacha taighde a shainiú de réir mar is cuí leo ar choinníoll go gcloítear leis na treoirlínte a liostaítear in Aguisín I i gcónaí.
- 6.8. Táthar ag súil go gcloífadh sealbhóirí dámhachtana le treoirlínte na hinstitiúide i gcónaí i ndáil le costais dhíreacha taighde incháilithe.
- 6.9. Tá an sealbhóir dámhachtana, i gcomhar leis an meantóir/maoirseoir acadúil, freagrach as pleanáil airgeadais chuí a dhéanamh le linn na dámhachtana.
- 6.10. Ní mór do gach sealbhóir dámhachtana cloí le dlíthe agus rialacháin na hÉireann maidir le cánachas. Beidh sé ina chúram don sealbhóir dámhachtana, an HEI agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim cloí le dlíthe agus rialacháin na hÉireann maidir le cánachas.
- 6.11. Beidh ábhar nó trealamh ar bith, lena n-áirítear bogearraí agus cruá-earraí a cheannaítear trí úsáid a bhaint as an gciste dámhachtana ina réadmhaoín de chuid sealbhóirí dámhachtana **larchéime Rialtas na hÉireann** i gcónaí.

- 6.12. Beidh ábhar nó trealamh ar bith, lena n-áirítear bogearraí agus cruu-earraí a cheannaítear trí úsáid a bhaint as an maoiniú dámhachtana ina réadmhaoin de chuid na hinstiúide óstaí agus beidh teacht ag **Comhalta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** orthu lena n-úsáid le linn tréimhse na dámhachtana. D'fhéadfadh sealbhóirí dámhachtana iardhochtúireachta úinéireacht a ghlacadh ar na hábhair nó trealamh, lena n-áirítear bogearraí agus cruu-earraí faoi réir rialacha um Shochar Comhchineáil (BIK). I gcásanna dá leithéid, tá sé de fhreagracht ar an sealbhóir dámhachtana iardhochtúireachta agus ar an instiúid óstach socruithe a dhéanamh maidir leis na cánacha oiriúnacha a íoc.
- 6.13. Ní chuirfear maoiniú ar fáil don tionscadal taighde ach de réir mar atá léirithe san iarratas. Ní mór cead i scríbhinn a lorg ón gComhairle roimh aon imeacht suntasach ón tionscadal taighde le linn an téarma maoinithe. Ina dhiaidh sin, déanfar piarmheasúnú ar iarrataí dá leithéid agus beidh cinneadh na Comhairle maidir leis an athrú/na hathruithe a fhorghas ina chinneadh deiridh.
- 6.14. Ní féidir maoiniú ón mbliain roimhe sin a thabhairt ar aghaidh ach faoin gceannteideal maidir le costais dhíreacha taighde incháilithe. Ní bheifear in ann maoiniú a bronnadh don tuarastal/stipinn nó do ranníocaíocht pinsin nó táille nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh. Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin dearbhú a lorg ó iniúcháirí seachtracha an HEI:
- go bhfuil cuntais bhliantúla an HEI cothrom le dáta agus gur fhorghas na hiniúcháirí iad gan choinníoll;
  - nár ardaíodh ceist ar bith sa litir bhainistíochta ó na hiniúcháirí a chuaigh i bhfeidhm ar riarachán dámhachtana arna tabhairt ag an gComhairle ar bhealach suntasach nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar riarachán dámhachtana arna tabhairt ag an gComhairle ar bhealach suntasach;
  - gur úsáideadh airgead a fuarthas faoin dámhachtain don chuspóir dár bronnadh é.
- 6.15. Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin iniúchtaí a ordú i ndáil leis an HEI rannpháirteach maidir le comhlíonadh airgeadais agus comhlíonadh eile. Tugann an HEI gealltanas éascaíocht iomlán a dhéanamh ar na hathbhreithnithe sin. D'fhéadfadh gach dámhachtain bheith faoi réir iniúchadh taighde seachtrach agus iniúchadh airgeadais.
- 6.16. Ní ghlacann an Chomhairle freagracht ar bith, ó thaobh airgid, ó thaobh eitice, ó thaobh dlí nó eile, i ndáil le caiteachas nó dliteanais a thagann chun cinn mar gheall ar an obair a maoiníodh faoin dámhachtain. Ní mór don HEI an Chomhairle a shlánú go hiomlán ar gach caiteachas nó dliteanais dá leithéid agus ar aon ghníomhartha, imeachtaí, costais, damáistí, éilimh ar chostais agus éilimh a thagann chun cinn, go háirithe, ach gan a bheith teoranta dóibh, éilimh ar bith ar chúiteamh a d'fhéadfadh an HEI bheith faoi dhliteanas ina leith mar fhostóir nó eile, nó éilimh ar bith maidir le maoin intleachtúil.
- 6.17. Tá sé de fhreagracht ar an HEI an Tuarascáil Airgeadais Deiridh a chríochnú agus a chur isteach trí úsáid a bhaint as an teimpléad a chuirtear ar fáil don Tuarascáil Airgeadais Deiridh laistigh de sheasca (60) lá ar deireadh a theacht le téarma maoinithe sealbhóir dámhachtana nó ar an sealbhóir dámhachtana tarraingt amach as an dámhachtain go luath, nó roimh dheireadh na bliana féilire má tharlaíonn sé sin roimhe.
- 6.18. Ní mór don HEI a chinntiú go ndéantar gach maoiniú nach gcaitear a chur ar ais chuig an

gComhairle laistigh de sheasca (60) lá ar deireadh a theacht le téarma maoinithe sealbhóir dámhachtana nó ar an sealbhóir dámhachtana tarraingt amach as an dámhachtain go luath, nó roimh dheireadh na bliana féilire má tharlaíonn sé sin roimhe.

## **7 – ATHBHREITHNIÚ AR DHUL CHUN CINN**

- 7.1. Leagann an Chomhairle tábhacht nach beag ar nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht taighde agus dul chun cinn éifeachtach faoin dámhachtain a chinntiú.
- 7.2. Beidh ar Shealbhóirí Dámhachtana tuarascáil ar dhul chun cinn a chur isteach gach bliain. Ní mór don mheantóir/mairseoir meastóireacht rúnda maidir le dul chun cinn sa dámhachtain a chur isteach in éineacht leis na tuarascálacha seo.
- 7.3. Beidh sé de fhreagracht ar an sealbhóir dámhachtana a chinntiú go ndéantar gach tuarascáil ar dhul chun cinn a chur isteach in am tríd an gcóras bainistithe dámhachtana ar líne. Tá tuarascálacha dá leithéid, in éineacht le fianaise eile ar ghnóthachtáil, ar nós formheas foirmiúil institiúideach, ina gcoinníoll maidir le leanúint ar aghaidh le maoiniú.
- 7.4. Má theiptear ar na tuarascálacha sin a chur ar fáil, cuirfear íocaíocht na dámhachtana ar fionraí go dtí go bhfaightear iad.
- 7.5. Tá an leagan amach i leith na dtuarascálacha sin ar fáil ón gComhairle, lena n-áireofar na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:
  - nuashonrú airgeadais;
  - dul chun cinn maidir le forbairt gairme;
  - dul chun cinn agus aschuir maidir le taighde;
  - gníomhaíochtaí for-rochtana.
- 7.6. Iarrfaidh an Chomhairle tuarascálacha agus cuirfidh an sealbhóir dámhachtana agus an meantóir/mairseoir acadúil isteach iad tríd an gcóras ar líne.
- 7.7. Mura gcuireann an sealbhóir dámhachtana na tuarascálacha ar dhul chun cinn isteach in am, nó má fhaigheann an Chomhairle tuarascáil nó meastóireacht ar dhul chun cinn nach bhfuil sásúil, cuirfear an sealbhóir dámhachtana ar an eolas faoin tuarascáil mhíshásúil. Tabharfar cead don sealbhóir dámhachtana an tuarascáil leasaithe a chur isteach an athuair. Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin coiste athbhreithnithe a thionól chun an dámhachtain GOI go dtí sin a mheasúnú i gcomhréir leis na táirgí a leagadh amach sa chéad togra a rinneadh leis an gComhairle (lena n-áirítear an plean taighde agus na haschuir bheartaithe, agus an plean forbartha gairme agus oiliúna).
- 7.8. Má iarrtar ar an sealbhóir dámhachtana agus ar an meantóir/mairseoir acadúil freastal ar chruinnithe leis an gComhairle chun cuntas a thabhairt ar dhul chun cinn agus torthaí mar gheall ar an dámhachtain, ní mór dóibh sin a dhéanamh.
- 7.9. Má thionólann an Chomhairle coiste athbhreithnithe, is féidir leis an gcoiste sin leas a bhaint as ionchuir ó shaineolaithe a d'fheidhmigh ina meastóirí. Cuirfidh an Chomhairle aiseolas ar fáil don sealbhóir dámhachtana ina bhféadfaí cuid den méid seo a leanas a chur in iúl:

- dul chun cinn sásúil i ngach gné agus dearbhú tugtha go leanfar ar aghaidh leis an dámhachtain GOI;
  - dul chun cinn easnamhach i réimsí áirithe agus gníomhartha faoi leith maidir le réiteach a fháil léirithe agus tréimhse ama leagtha amach;
  - léirítear fianaise ar dhul chun cinn míshásúil sa tuarascáil agus d'fhéadfaí an dámhachtain GOI a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.
- 7.10. D'fhéadfadh an Chomhairle dámhachtain a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh i gcás ina meastar go bhfuil gá leis i ndiaidh an fhaisnéis agus na tuarascálacha thuasluaite a athbhreithniú.
- 7.11. Beidh sé de fhreagracht ar mheantóir/mairseoir acadúil an tsealbhóra dámhachtana a chinntiú go gcuirtear an Chomhairle ar an eolas láithreach má fhágann an sealbhóir dámhachtana an institiúid óstach nó mura bhfuil an sealbhóir dámhachtana ag cur a dhóthain ama nó iarrachta isteach sa dámhachtain.
- 7.12. Ní mór don Sealbhóir Dámhachtana teagmháil a dhéanamh leis an oifig chúí ina HEI/RPO Éireannach má tá aon ábhar imní acu maidir leis an dámhachtain. Má leanann an t-ábhar imní ar aghaidh, ní mór don sealbhóir dámhachtana teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle go díreach.
- 7.13. Éilítear ar shealbhóirí dámhachtana sonraí teagmhála leantacha a chur ar fáil chun críche gairm taighdeora a rianú ina dtuarascáil dheiridh nó de réir mar a iarrann an Chomhairle. Cuirfidh an Chomhairle suirbhé cinn scríbe i gcrích ar bhonn tréimhsiúil maidir le daoine a fuair dámhachtainí GOI agus a chuir dámhachtainí GOI i gcrích, agus aontóidh an sealbhóir dámhachtana oibriú i gcomhar chun freagra a thabhairt air sin. I gcás ina n-athraíonn sonraí teagmhála an tsealbhóra dámhachtana i ndiaidh an dámhachtain a chur i gcrích, iarrtar ar an sealbhóir dámhachtana sonraí nuashonraithe a chur ar fáil trína leathanach próifíle ar an gcóras ar líne.

## 8 – DUALGAIS BHREISE LASMUIGH DE CHÚRAM NA DÁMHACHTANA

- 8.1. Is é an príomhdualgas atá ar Shealbhóirí Dámhachtana ná cur i gcrích rathúil an tionscadail taighde a bhfuil maoiniú faighte ina leith aige/aici ón gComhairle.
- 8.2. Ní mór do Shealbhóirí Dámhachtana tabhairt faoi **thaighde lánaimseartha le linn an téarma maoinithe** agus níor chóir dóibh tabhairt faoi ghníomhaíocht ar bith eile seachas an tionscadal taighde luaite agus an Plean Forbartha Gairme agus Oiliúna a fhorbairt.
- 8.3. Tá teagasc ina mhodh bunriachtanach chun eolas a struchtúrú agus a scaipeadh agus dá bharr sin, ba chóir é a mheas a bheith ina ghníomhaíocht luachmhar i ngairm an tsealbhóra dámhachtana. I gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh an sealbhóir dámhachtana tabhairt faoi obair eile mar mhalairt ar obair theagaisc nó léirithe. Dá bharr sin, ceadáíonn an Chomhairle do shealbhóirí dámhachtana obair eile a ghlacadh (e.g. dualgais teagaisc, meantóireacht agus gníomhaíochtaí tacaíochta) le linn na dámhachtana, ar choinníoll:
- go gcuireann an sealbhóir dámhachtana ráiteas tacaíochta i scríbhinn ar fáil don Chomhairle ón meantóir/mairseoir acadúil agus go bhfaigheann an sealbhóir dámhachtana cead i scríbhinn roimh ré ón gComhairle sula gcuirtear tús leis an

téarma teagaisc nó ag tús an téarma. Cuirfear teimpléad ar fáil chun na críche sin;

- nach bhfuil an obair iomarcach (nach sáraítear líon iomlán de 50 uair in aghaidh an téarma acadúla, am teagmhála agus am neamhtheagmhála san áireamh) agus nach gcuirtear cosc ar thaighdeoirí a gcuid gníomhaíochtaí taighde a chur i gcrích;
- go mbaineann an obair le hábhar an taighde atá maoinithe tríd an dámhachtain agus go bhfuil an obair i gcomhréir leis an bPlean Forbartha Gairme agus Oiliúna atá aontaithe ag an sealbhóir dámhachtana agus an meantóir/maoirseoir acadúil.

- 8.4. Ní mór d'ósteagraíochtaí taifid a dhéanamh agus a choinneáil maidir le ceaduithe i leith obair bhreise nó eile arna déanamh ag sealbhóirí dámhachtana agus ba chóir d'ósteagraíochtaí a chinntiú go gcuirtear obair dá leithéid san áireamh i gcórais mheastóireachta/measúnaithe ábhartha agus go gcuirtear le forbairt ghairme an tsealbhóra dámhachtana.
- 8.5. Maidir le gníomhaíochtaí teagaisc, ba chóir oiliúint fheiliúnach a chur ar fáil mar chuid d'fhorbairt ghairme sealbhóirí dámhachtana. Déanfaidh an Chomhairle monatóireacht ar theagasc agus ar chomhaontuithe eile dá leithéid mar chuid dá mheicníochtaí tuairiscithe ar dhul chun cinn.
- 8.6. Nuair a thugann Sealbhóirí Dámhachtana faoi theagasc nó dualgais eile de réir mar a liostaítear thuas, ba chóir go bhfaighidís luach saothair chuí óna HEI/RPO Éireannach. Ní imreoidh íocaíochtaí ar bith dá leithéid tionchar ar mhéid iomlán na dámhachtana don dámhachtaí. Beidh sé ina chúram don sealbhóir dámhachtana, an HEI/RPO Éireannach agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim cloí le dlíthe agus rialacháin na hÉireann maidir le cánachas. Tá ceisteanna conarthacha agus íocaíochta i ndáil le dualgais bhreise fós ina gceisteanna atá le comhaontú idir an scoláire agus an HEI.
- 8.7. Maidir le hobair íochta lasmuigh den ósteagraíocht, beidh ar an sealbhóir dámhachtana cloí leis na rialacha a bhaineann le fostaithe comhchosúla san ósteagraíocht.
- 8.8. Ó am go chéile, éileoidh an Chomhairle ar an sealbhóir dámhachtana freastal ar imeachtaí nó cruinnithe de réir mar atá eagraithe ag an gComhairle.
- 8.9. D'fhéadfadh fáiltas maidir le dámhachtainí ó chomhpháirtithe straitéiseacha maoinithe (Dámhachtain Iarchéime: EPA, DFA, DBEI agus Met Éireann/ Dámhachtain Iardhochtúireachta: DRCD) a bheith riachtanach chun nuashonruithe maidir leis an tionscadal a chur ar fáil dá chomhpháirtí straitéiseach maoinithe nó chun freastal ar imeachtaí nó cruinnithe de réir mar is gá. Ní bheidh níos mó ná 12 uair ag baint leis na gníomhaíochtaí sin in aghaidh aon mhí faoi leith agus d'fhéadfadh cuir i láthair, seisiúin eolais agus páipéir thaighde a bheith i gceist leo.

## 9 – DÁMHACHTAIN A CHUR AR FIONRAÍ

- 9.1. Bíonn Súil ag an gComhairle go gcuirfeadh sealbhóirí dámhachtana a dtionscadal i gcrích le linn tréimhse leanúnach amháin agus ní mholann an Chomhairle go gcuirfí dámhachtainí ar fionraí. Nuair a cheadaítear fionraí, níor chóir go sáródh an tréimhse iomlán ar fionraí bliain féilire amháin le linn saolré na dámhachtana de ghnáth.
- 9.2. D'fhéadfadh sealbhóirí dámhachtana iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle le go

gcuirfí a ndámhachtain ar fionraí: mar gheall ar chúiseanna maidir le sos gairme incháilithe; nó chun tabhairt faoi intéirneacht, i gcás ina gcuirtear leis an taighde tionscadail tríd an intéirneacht agus go mbaineann an intéirneacht go díreach le hábhar an tionscadail taighde, go bhfuil an intéirneacht comhsheasmhach leis an bplean forbartha gairme agus oiliúna, agus i gcás nach maireann an intéirneacht tréimhse níos faide ná naoi mí ar fhad. Tá cumhdach árachais i ndáil le páirt a ghlacadh in intéirneacht ina cheist atá le comhaontú idir an sealbhóir dámhachtana agus an HEI.

- 9.3. Is faoi dhiscreíd na Comhairle cinneadh a dhéanamh maidir le fionraí a cheadú. Níl an ciste dámhachtana iníoctha le linn tréimhsí dá leithéid.
- 9.4. Tá sealbhóirí dámhachtana i dteideal an dámhachtain a chur ar fionraí ar feadh tréimhse suas le bliain féilire amháin ar chúiseanna maidir le saoire mháithreachais. Níl an ciste dámhachtana iníoctha le linn tréimhsí dá leithéid. Treoraítear sealbhóirí dámhachtana chuig Beartas na Comhairle maidir le Saoire Mháithreachais, atá ar fáil [anseo](#).
- 9.5. Tá táillí clárúcháin nó acadúla eile a thabhaíonn an sealbhóir dámhachtana mar thoradh ar a ndámhachtain a chur ar fionraí ina gceisteanna atá le comhaontú idir an sealbhóir dámhachtana agus an HEI. Ní bheidh an Chomhairle faoi dhliteanas mar gheall ar tháillí breise dá leithéid.

## **10 – DÁMHACHTAIN A FHOIRCEANNADH**

- 10.1. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh sealbhóir dámhachtana bheith ag iarraidh an dámhachtain a fhoirceannadh roimh am mar gheall ar chúiseanna pearsanta nó gairmiúla. Níor chóir tabhairt faoin ngníomh sin gan é a phlé roimh ré leis an gComhairle.
- 10.2. Nuair atá sé beartaithe ag an sealbhóir dámhachtana an dámhachtain a fhoirceannadh roimh am, beidh fianaise ag teastáil ón gComhairle ar an dul chun cinn acadúil a rinneadh chomh fada leis an dáta imeachta. I gcás ina measann an Chomhairle go bhfuil dul chun cinn an tsealbhóra dámhachtana easnamhach, d'fhéadfadh an Chomhairle dul sa tóir ar an sealbhóir dámhachtana, an HEI, nó iad araon chun aisíocaíocht a fháil ar na méideanna a caitheadh.

## **11 – DÁMHACHTAIN GOI A CHUR I gCRÍCH**

- 11.1. Nuair a chríochnaíonn sealbhóir dámhachtain iardhochtúireachta an tionscadal roimh an dáta deiridh sonraithe atá leis an téarma maoinithe, ní mór dó/di an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn agus scor d'aon mhaoiniú atá fágtha a tharraingt as an gcuntas don tionscadal ag deireadh na bliana féilire inar cuireadh an tionscadal i gcrích.
- 11.2. Nuair a chuireann sealbhóir dámhachtain iarchéime an tráchtas faoi chlúdach bog isteach roimh an dáta deiridh sonraithe atá leis téarma maoinithe, ceadófar dó/di leanúint de mhaoiniú a tharraingt as an gcuntas maoinithe chomh fada leis an gcéad dáta deiridh a bhí leis an dámhachtain nó go dtí go gcuireann an sealbhóir an chóip den tráchtas faoi chlúdach crua isteach, má dhéantar é sin roimh dháta deiridh na dámhachtana. Nuair a dhéantar an chóip den tráchtas faoi chlúdach crua a chur isteach roimh dheireadh an

- téarma maoinithe, ní mór don sealbhóir dámhachtana an Chomhairle a chur ar an eolas láithreach agus cuirfear deireadh ansin leis an maoiniú don dámhachtaí.
- 11.3. Éilítear ar Shealbhóirí Dámhachtana an Chomhairle a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an tionscadal a chur i gcrích go rathúil. Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle i dteideal an t-eolas sin a fháil go díreach ó HEI an tsealbhóra dámhachtana.
  - 11.4. Cuireann an Chomhairle suirbhé ceann scríbe i gcrích ar a sealbhóirí dámhachtana ar bhonn tréimhsiúil. Aontóidh an dámhachtaí oibriú i gcomhar maidir le freagra a thabhairt ar an suirbhé sin.
  - 11.5. I gcás ina n-athraíonn na sonraí teagmhála atá ag sealbhóir dámhachtana i ndiaidh an dámhachtain a chríochnú, ba chóir don sealbhóir dámhachtana sonraí nuashonraithe a chur ar fáil tríd an gcóras ar líne.

## **12 – CÚRSAÍ EITICE AGUS DEARBHÚ CÁILÍOCHTA**

- 12.1. Ní féidir leis an gComhairle maoiniú a bhronnadh ar ghníomhaíocht taighde faoi cheann ar bith de na réimsí toirmiscthe seo a leanas:
  - a. clónáil daoine chun críocha atáirgthe;
  - b. innealtóireacht ghéiniteach ar dhaoine ina bhféadfadh athruithe dá leithéid a bheith inoidhrithe (seachas taighde a bhaineann le cóireáil ailse a dhéanamh ar na gónaid, a d'fhéadfadh maoiniú a fháil);
  - c. gníomhaíochtaí taighde arb é is aidhm leo suthanna daonna a chruthú chun críocha taighde a dhéanamh agus sin amháin, nó chun gaschealla a sholáthar, lena n-áirítear trí aistriú núicléas cille sómaí.
- 12.2. Tá an HEI freagrach as a chinntiú go n-aithnítear saincheisteanna eitice a bhaineann le taighde sealbhóir dámhachtana agus go gcuirtear iad faoi bhráid an chomhlachta ceadúcháin nó rialála ábhartha. Ní mór ceadú chun tabhairt faoin taighde a dheonú sula gcuirtear tús le hobair ar bith a dteastaíonn ceadú ina leith ach tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh dáta tosaigh na dámhachtana.
- 12.3. Ba chóir go mbainfí ciall leathan as saincheisteanna eitice agus d'fheadfaí a áireamh leo, i measc nithe eile, cóid chleachtas ábhartha; rannpháirtithe, fíochán nó sonraí daonna a bheith á úsáid chun críche taighde; ainmhithe a úsáid; taighde a dhéanamh trína bhféadfaí dochar a dhéanamh don chomhshaol; agus sonraí pearsanta, sóisialta nó geilleagracha íogaire a úsáid.
- 12.4. Nuair is gá, beidh ar shealbhóirí dámhachtana a dhearbhú go bhfuil an ceadú cuí eitice faighte acu ón gcomhlacht ceadúcháin nó rialála ábhartha laistigh den HEI chun an tionscadal taighde a chur i gcrích.
- 12.5. Tá an HEI freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an taighde atá ar bun ag an sealbhóir dámhachtana gach ceanglas rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta trína rialaítear an úsáid a bhaintear as ábhair nó próisis íogaire, mar shampla, iseatóip radaighníomhacha, radaíocht ianúcháin, ainmhithe saotharlainne agus ainmhithe eile, orgánaigh phataigineacha, orgánaigh atá ionramháilte go géiniteach, substaintí tocsaineacha nó contúirteacha, agus

taighde a dhéanamh ar dhaoine agus ar shuthanna daonna.

- 12.6. Tá an HEI freagrach as cur chun feidhme áitiúil [Ireland's Framework of Good Practice for Research Degree Programmes](#) ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus maoirseoir cuí a mholadh lena cheapadh chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don sealbhóir dámhachtana ina chuid oibre.
- 12.7. Ní mór don sealbhóir dámhachtana a bheith eolach ar threoirlínte náisiúnta ar nós [Research Degree Programme Policy and Criteria](#) ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.
- 12.8. Ní mór don sealbhóir dámhachtana agus don HEI an dea-chleachtas a leanúint maidir le cosaint sonraí, bainistiú agus slándáil. Ní féidir an Chomhairle a bheith faoi dhliteanas dlíthiúil mar gheall ar chur isteach ó thríú páirtí ar bith.

### 13 – SLÁINE TAIGHDE

- 13.1. Ní mór don HEI a chinntiú go ndéantar an caighdeán is airde a chothabháil ó thaobh iompar taighde de agus a chinntiú go bhfuil próisis fhoirmiúla, chothroma agus éifeachtacha i bhfeidhm chun líomhaintí maidir le mí-iompar taighde a fhiosrú má thagann siad chun cinn. Ba chóir na córais atá i bhfeidhm chun mí-iompar taighde a bhainistiú a bheith ag teacht leis na bunphrionsabail atá mar bhonn faoi gach sláine taighde agus dea-chleachtas de réir mar atá leagtha amach sa ráiteas náisiúnta beartais maidir le *Ensuring Research Integrity in Ireland* agus [An Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde](#).
- 13.2. Ní mór don HEI gach fionnachtain i gcás cruthaithe ar bith de mhí-iompar taighde a tharlaíonn i tionscadal taighde atá maoinithe ag an gComhairle a thuairisciú don Chomhairle.

### 14 – AISTRIÚ EOLAIS

- 14.1. Spreagann an Chomhairle aschur taighde a thráchtáil de réir mar a leagtar amach in [Ireland's National IP Protocol 2019](#) agus [Putting public research to work for Ireland: Policies and procedures to help industry make good use of Ireland's public research institutions](#).
- 14.2. Ní dhéanann an Chomhairle éileamh ar bith ar mhaoin intleachtúil a thagann chun cinn mar gheall ar an taighde.
- 14.3. Ní mór don HEI rialacha agus nósanna imeachta a chur ar bun chun maoin intleachtúil ar bith a thagann chun cinn le linn an taighde a chosaint agus a bhainistiú. Ní mór do na rialacha agus nósanna imeacht sin a bheith i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta.

### 15 – ROCHTAIN OSCAILTE

- 15.1. Táthar ag súil go gcomhlíonfadh sealbhóirí dámhachtana polasaí na Comhairle maidir le foilseacháin taighde a chur i stórtha rochtana oscailte, atá ar fáil [anseo](#). Glactar leis go mbeidh cásanna aitheanta i gceist nuair nach mbeidh sé sin indéanta; i gcásanna dá leithéid, ba chóir don sealbhóir dámhachtana teagmháil a dhéanamh lena mhaoirseoir chun comhairle a lorg.



## 16 - AN GHNÉ MAIDIR LE INSCNE

- 16.1. Tacaíonn an Chomhairle le comhionannas inscne sa chóras taighde agus nuálaíochta. Tá *Gender Strategy & Action Plan 2013–2020* ón gComhairle ar fáil [anseo](#). Ní mór do gach sealbhóir dámhachtana breithniú cúramach a dhéanamh maidir le gné inscne a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn a gcuid taighde. Nuair atá sealbhóir dámhachtana rannpháirteach i bpainéil chomhdhála, líonraithe nó scaipthe a eagrú a bhaineann leis an tionscadal taighde, ba chóir aird chuí a thabhairt ar chóimheá inscne i bpainéal/painéil dá leithéid.

## 17 – AITHEANTAS A THABHAIRT DO MHAOINIÚ ÓN gCOMHAIRLE

- 17.1. Maidir le gach poiblíocht, lena n-áirítear agallaimh, sínithe ríomhphoist, cinn litreacha, comharthaí oifige, léachtaí poiblí, foilseacháin, monaghraif, ábhair chlóite, ábhair ar líne, preasráitis, fógraí teilifíse agus raidió, láithreáin ghréasáin, scannáin agus taifid físe/fuaime a bhaineann leis an taighde nó a tharlaíonn mar gheall ar an taighde faoina dtugann an sealbhóir dámhachtana, ní mór go dtabharfaí aitheantas don mhaoiniú atá faighte ón gComhairle. Nuair is féidir, ba chóir lógó na Comhairle a chur san áireamh in aitheantas ar bith dá leithéid.
- 17.2. Maidir le dámhachtainí ó chomhpháirtithe straitéiseacha maoinithe freisin, ní mór go dtabharfaí aitheantas don mhaoiniú atá faighte ón gcomhpháirtí straitéiseach maoinithe ábhartha i ngach poiblíocht.
- 17.3. Táthar ag súil go gcloífídh sealbhóirí dámhachtana le polasaí na Comhairle maidir le haitheantas a thabhairt dá mhaoiniú i gcónaí. Tá an polasaí ar fáil [anseo](#).

## 18 – DÍNIT I mBUN TAIGHDE

- 18.1 Tacaíonn an Chomhairle le córas taighde inar féidir le taighdeoirí aonair barr a gcumas a bhaint amach ag gach céim ina ngairm. Tá sealbhóirí dámhachtana agus a maoirseoirí i dteideal taighde a chur i gcrích saor ó chineál ar bith ciaptha, íospartha nó bulaíochta. Tá sé de fhreagracht ar HEInna timpeallacht oibre chuí a chinntiú agus déileáil le gearán ar bith go pras agus de réir na ngnásanna casaoide comhaontuithe. Tá ráiteas iomlán na Comhairle maidir le dínit i mbun taighde ar fáil [anseo](#).
- 18.2. Tá gach ball foirne de chuid na Comhairle i dteideal go gcaithfí leo go cúirtéiseach agus le meas i gcónaí agus, dá réir sin, spreagtar iad cásanna ar bith de chalaois a chur in iúl don bhainistíocht. I gcásanna ina bhfulaingíonn baill foirne iompar maslach nó míchuí, coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin iompar ar bith dá leithéid a thuairisciú don phearsanra ábhartha san HEI nó in eagraíocht eile a bhaineann leis an duine aonair.

## AGUISÍN I – COSTAIS TAIGHDE MAIDIR LE SCÉIMEANNA IARCHÉIME AGUS IARDHOCHTÚIREACHTA RIALTAS NA hÉIREANN

- Ní cheadaítear ach caiteachais dheimhnithe a thabhaítear le linn an tionscadal taighde a chur i gcrích i rith an téarma maoinithe.
- D'fhéadfaí a áireamh leo sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:
  - ábhair agus tomhaltáin;
  - costais trealaimh;
  - bogearraí agus crua-earraí a bhfuil an-tábhacht ag baint leo don taighde atá beartaithe
    - baineann uasteorainn €1000 le ríomhairí nó ríomhairí glúine seachas sa chás go bhfuil gá le ríomhaireacht ardfheidhmíochta;
    - ní mór crua-earraí a cheannach:
      - laistigh den chéad bhliain i gcás dámhachtainí iarchéime
      - laistigh den chéad sé mhí i gcás dámhachtainí iarchéime bliain amháin
      - laistigh den chéad sé mhí i gcás dámhachtainí iardhochtúireachta.
  - rochtain íoc-mar-a-úsáidtear ar bhonneagair náisiúnta taighde;
  - costais taighde cartlainne;
  - costais tras-scríbhíne réasúnacha;
  - costais taistil, chothaithe agus chomhdhála réasúnacha;<sup>3</sup>
  - oiliúint i scileanna a bhaineann go díreach le cuspóir/cuspóirí na dámhachtana;
  - costais foilsithe agus um chríocha chur le scríbhneoireacht;
  - costais taistil agus costais sólaistí réasúnacha do shuibhachtaí agus daoine deonacha i staidéir.<sup>4</sup>
- Ní cheadaítear costais mhaireachtála (e.g. cíos).
- Ní mór do dhámhachtaithe cloí le treoirlínte na hinstiúide, lena n-áirítear rialacha maidir le soláthar, i ndáil le costais taighde díreacha incháilithe i gcónaí.
- Ní mór don HEI a chinntiú go ndéantar bainistíocht airgeadais chuí ar an dámhachtain chomh maith le cuntasacht a chinntiú maidir le cistí poiblí a úsáid. Chomh maith leis sin, ba chóir don HEI a chinntiú go gcuirtear maoiniú nach gcaitear ar ais chuig an gComhairle ag deireadh an téarma maoinithe.

<sup>3</sup> Ní cheadaítear ach costais taistil agus cothaithe réasúnacha agus dearbhaithe i ndáil le taisteal a bhaineann go díreach leis an scoláireacht. Ní chuirfeadh ráta per diem ar fáil do scoláirí i gcásanna nuair nach gcuirtear fáiltais dearbhaithe ar fáil.

<sup>4</sup> Ní mheastar dreasachtaí (ar nós dearbháin airgid nó bronntanais) mar gheall ar pháirt a ghlacadh a bheith ina costais incháilithe.

## AGUISÍN II – FAISNÉIS A BHAINNEANN GO SONRACH LE CLÁR GOIPG

### DÁMHACHTAINÍ IARCHÉIME – RIACHTANAIS INCHÁILITHEACHTA

#### 1. Ní mór do gach ach iarratasóir:

- 1.1. céim bhaitisiléara chéadonóracha nó dara onóracha uachtair, nó a chomhionann, a bheith aige/aici.<sup>5</sup> Mura bhfuil eolas ar thorthaí scrúduithe an iarchéimí ag tráth an iarratais, d'fhéadfadh an Chomhairle tairiscint shealadach ar scoláireacht a dhéanamh ar choinníoll go mbeidh toradh chéim bhaitisiléara an scoláire, nó a chomhionann, ina chéim chéadonóracha nó dara onóracha uachtair. Mura bhfuil céim bhaitisiléara chéadonóracha nó dara onóracha, nó a chomhionann, ag scoláire, ní mór go mbeadh céim mháistreachta aige/aici. Cinneadh deiridh is ea cinneadh na Comhairle maidir le hincháilitheacht iarratasóra i ndáil leis na critéir sin.
- 1.2. gan iarratas gan rath a dhéanamh faoi dhó ar an gclár roimhe seo, lena n-áirítear ar théamaí comhpháirtithe straitéiseacha;
- 1.3. i gcás iarratais ar chéimeanna máistreachta taighde, tá sé de riachtanas gan scoláireacht reatha a bheith ag an iarratasóir ón gComhairle nó scoláireacht a bheith aige/aici ón gComhairle roimhe seo;
- 1.4. maidir le hiarratais ar chéim dhochtúireachta, ní mór gan scoláireacht reatha, nó scoláireacht roimhe seo, a bheith ag an iarratasóir ón gComhairle seachas scoláireacht trína gcuirfí ar chumas an iarratasóra céim mháistreachta taighde a bhaint amach.

#### 2. Beidh dhá chatagóir bunaithe ar náisiúntacht agus cónaitheacht ag baint le hiarratais.

##### 2.1. Catagóir a hAon: Ní mór d'iarratasóirí an **dá** chritéar seo a leanas a bhaint amach:

- bheith ina náisiúnach de chuid ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh **nó** de chuid na hÍoslainne, na hIorua, Lichtinstéin nó na hEilvéise

##### **agus**

- gnáthchónaí a bheith ar an iarratasóir<sup>6</sup> i mballstát de chuid an Aontais Eorpaigh **NÓ** san Íoslainn, san Iorua, i Lichtinstéin nó san Eilvéis ar feadh tréimhse leanúnach de thrí bliana as na cúig bliana roimh an 1 Meán Fómhair 2021.

##### 2.2. Catagóir a Dó: Gach iarratasóir eile **nach** mbaineann ceann amháin nó dhá cheann de na critéir amach.

<sup>5</sup> Ní mór torthaí céime de réir mar atá curtha isteach san fhoirm iarratais agus de réir mar atá formhuinthe ag an HEI a bheith i dtorthaí foriomlána ag an iarratasóir agus ní mór iad a bheith infhíoraithe dá réir ar thras-scríbhinní oifigiúla. Mura ndeimhnítear toradh foriomlán an iarratasóra agus dáta bronnta na dámhachtana sna tras-scríbhinní go díreach mar a shonraítear san fhoirm iarratais, déanfar aon tairiscint choinníollach ar scoláireacht a tharraingt siar. Ní mór ábhar tacaíochta neamh-in-aischurtha a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena scrúdú sular féidir tús a chur leis an scoláireacht. Ní mór go mbeadh gach tras-scríbhinn stampáilte agus sínithe go cuí lena dhearbhu gur doiciméid oifigiúla de chuid na hinstitiúide iad.

<sup>6</sup> De ghnáth, tagraíonn 'gnáthchónaí' do ghnátháit chónaithe dlíthiúil agus buan an iarratasóra. Ní mheasfar gur cuireadh isteach air sin toisc go raibh neamhláithreachta ón tír i gceist mar gheall ar oiliúint, oideachas nó fostaíocht an iarratasóra nó mar gheall ar oiliúint, oideachas nó fostaíocht chéile nó thuismitheoirí an iarratasóra.

3. Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin fianaise doiciméadaithe ar náisiúntacht agus cónaitheacht an iarratasóra a iarraidh.
4. Cé go mbronnfar formhór na scoláireachtaí ar iarratasóirí i gCatagóir a hAon, bronnfar cuid de na scoláireachtaí ar iarratasóirí eisceachtúla i gCatagóir a Dó. Is beag líon na ndámhachtainí is féidir a bhronnadh ar an gcatagóir iarratasóra sin i gcomparáid leis an gnáthlíon iarratasóirí incháilithe a bhíonn sa chatagóir sin.

Sa bhliain 2020, is mar seo a leanas an ráta ratha maidir leis an gclár:

	An ráta ratha foriomlán <sup>1</sup>	An ráta ratha i gcás iarratasóirí Chatagóir a Dó <sup>2</sup>
<b>STEM</b>	18%	5.3%
<b>AHSS</b>	18%	8.5%

<sup>1</sup>Gach dámhachtain mar chéatadán d'iarratais incháilithe

<sup>2</sup>Dámhachtainí Chatagóir a Dó mar chéatadán d'iarratais incháilithe faoi Chatagóir a Dó

## LUACH NA SCOLÁIREACHTA

- Is é an luach iomlán a bheidh ar an gciste scoláireachta ná **suas le €24,000 ar a mhéad**<sup>7</sup> in aon bhliain cheadaithe agus beidh sé comhdhéanta den méid seo a leanas:
  - stipinn **€16,000 in aghaidh na bliana**;
  - ranníocaíocht i leith táillí, lena n-áirítear táillí scoláireachta nach bhfuil san Aontas Eorpach, ina n-íoctar **suas le €5,750 ar a mhéad in aghaidh na bliana**.<sup>8</sup> Ní mór don scoláire agus/nó HEI aon difreálach a íoc. Ní mór don Oifig Taighde nó don oifig ábhartha an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le riachtanais táille in aghaidh na bliana i gcomhréir le Litir Thairisceana na Dámhachtana a ullmhú nó chomh gar do dháta tosaigh na dámhachtana agus is féidir. Ní mór don Oifig Taighde nó oifigí ábhartha an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le scoláirí ar bith a bhfuil tarscaoileadh acu óna HEI i leith táillí, nó maidir le cásanna nach bhfuil gá le táille, nó maidir le cásanna ina n-íocann tríú páirtí as na táillí go hiomlán nó i bpáirt, toisc nach mbeidh scoláirí dá leithéid incháilithe don chuid den scoláireacht a bhaineann le táille;
  - costais dhíreacha taighde incháilithe **€2,250 in aghaidh na bliana** d'fhonn cur ar chumas an scoláire an tionscadal taighde a chur i gcrích. Féach ar Aguisín I chun treoir a fháil faoin méid a mheastar a bheith ina chostas díreach taighde incháilithe.
- Ní féidir maoiniú a aistriú idir catagóirí buiséid.
- Níl costais a thabhaítear lasmuigh den téarma maoinithe incháilithe faoin Scoláireacht. Áirítear leis sin tréimhsí ina gcuirtear an dámhachtain ar fionraí.

<sup>7</sup> Tá uasmhéid iomlán na dámhachtana bunaithe ar ranníocaíocht táille uasta €5,750. Athróidh an ranníocaíocht táille deiridh in aghaidh na bliana de réir cineál na céime, an HEI agus an clár ábhartha, ach ní bheidh sé níos mó ná €5,750. Tá an t-achar maoinithe a bhronntar ag brath ar an gcineál céime a bhfuiltear ag tabhairt fúithi agus an dáta a cláraíodh don chéim sin ar dtús de réir mar a shonraítear san iarratas.

<sup>8</sup> Athróidh an ranníocaíocht táille in aghaidh na bliana de réir chineál na céime, an HEI agus an clár ábhartha.

## ACHAR NA SCOLÁIREACHTA

- Tríd an dámhachtain, tacófar le hiarrthóirí máistreachta agus dochtúireachta taighde cuícháilithe, atá ag tabhairt faoi thaighde **lánaimseartha** i ndisciplín ar bith, nó tacófar le hiarrthóirí a bhfuil sé i gceist acu a leithéid a dhéanamh.<sup>9</sup>
- Tá an sealbhóir dámhachtana atá ina iontrálaí nua ar iarchéim a bhfuil sé/sí ag lorg maoiniú ina leith, i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ar feadh tréimhse iomlán na céime de réir mar a leagtar amach thíos:

An cineál céime	An t-achar maoinithe atá le bronnadh
Céim mháistreachta taighde	1 bhliain
Céim mháistreachta taighde struchtúrtha	2 bhliain
Céim dhochtúireachta traidisiúnta	3 bliana
Céim dhochtúireachta struchtúrtha	4 bliana

- Maidir le sealbhóirí dámhachtana a bhfuil cuid dá n-iarchéim curtha i gcrích acu agus atá ag lorg maoiniú ina leith, beidh an t-achar maoinithe ag brath ar an gcineál céime a bhfuiltear ag tabhairt fúithi agus ar an dáta a cláraíodh ar dtús de réir mar a leagtar amach thíos:

An cineál céime	Bliain acadúil	An dáta a cláraíodh ar dtús	An t-achar maoinithe atá le bronnadh
Céim mháistreachta struchtúrtha	2020/2021	An 1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021 (níl cláraithe roimh an 1 Meán Fómhair 2019 incháilithe)	1 bhliain
Céim dhochtúireachta traidisiúnta	2020/2021	1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021	2 bhliain
	2019/2020	1 Meán Fómhair 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2020 (níl cláraithe roimh an 1 Meán Fómhair 2019 incháilithe)	1 bhliain
Céim dhochtúireachta struchtúrtha	2020/2021	1 Meán Fómhair 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2021	3 bliana
	2019/2020	1 Meán Fómhair 2019 go dtí an 31 Lúnasa 2020	2 bhliain

<sup>9</sup> Ní chuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil do chéimeanna máistreachta múinte ná céimeanna máistreachta páirtaimseartha ná clár dochtúireachta.

	2018/2019	1 Meán Fómhair 2018 go dtí an 31 Lúnasa 2019 (ní cláraithe roimh an 1 Meán Fómhair 2018 incháilithe)	1 bhliain
--	-----------	--	-----------

- Beidh ar oifig an leasuachtaráin/an déin taighde dearbhú a tabhairt maidir le rannpháirtíocht an tsealbhóra dámhachtana ar an gcineál céime sonraithe agus an dáta a cláraíodh ar dtús don chéim seo de réir mar atá leagtha amach san iarratas. Ní féidir eisceachtaí a dhéanamh maidir leis na dátaí a cláraíodh ar dtús thuas ach amháin i gcás daoine a ghlac sos gairme incháilithe óna gcláir chéime.<sup>10</sup>
- I gcás ina bhfuil sealbhóir dámhachtana ar chlár céime struchtúrtha, beidh ar oifig an leasuachtaráin/an déin taighde dearbhú a tabhairt go bhfuiltear i gceist leis an gclár eolas, taighde agus scileanna inaistrithe a bhaineann go sonrach leis an disciplín a fhorbairt, i gcomhréir leis an sainmhíniú náisiúnta a thugtar ar chlár taighde struchtúrtha de réir mar a leagtar amach san Aguisín seo (lch. 18). Coimeádann an Chomhairle an ceart aici féin dámhachtain a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh má sháraítear an ceanglas sin.

## DÁMHACHTAINÍ BREISE

- Ní bheidh sealbhóir dámhachtana incháilithe chun dhámhachtain ón gComhairle a choinneáil má tá sé/sí ag fáil sparánacht nó dámhachtain eile nó meascán de sparánachtaí nó dámhachtainí eile lena bhfuil luach iomlán €16,000 in aghaidh na bliana. Áirítear leis an teorainn €16,000 in aghaidh na bliana seo stipinn, táillí agus costais taighde.
- Ní mór do shealbhóirí dámhachtana an Chomhairle a chur ar an eolas faoi mhéid agus foinse dámhachtainí nó sparánachtaí ar bith a fhaightear roimh an téarma maoinithe nó lena linn. Chomh maith leis sin, ní mór an fhaisnéis sin a thaifeadadh sna tuairiscí cuí ar dhul chun cinn.
- Má chuireann an sealbhóir dámhachtana iarratas isteach ar foinse eile chun dámhachtain bhreise a fháil le linn an téarma maoinithe, ní mór dó/di a lua mar chuid den iarratas (má éilítear orthu sin a dhéanamh nó mura n-éilítear) go bhfuil Dámhachtain Iarchéime Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn aige/aici agus an Chomhairle a chur ar an eolas sula gcuirtear an t-iarratas isteach. Ní mór don mhaoinitheoir/na maoinitheoirí eile a chomhaontú gur féidir an dámhachtain ón gComhairle a choinneáil in éineacht leis an dámhachtain/na dámhachtainí. Ní ghlacfaidh an Chomhairle páirt i gcinntí gníomhaireachtaí maoinithe eile i gcás ar bith.
- Aithníonn an Chomhairle go bhféadfaí ó am go chéile, i gcás dámhachtainí atá níos mó ná an teorainn €16,000 in aghaidh na bliana, aitheantas neamhspleách a thabhairt d'fhiúntas sármhaith sealbhóra dámhachtana. Cuirtear in iúl do shealbhóirí dámhachtana nach féidir dámhachtainí aonair a choinneáil in éineacht le dámhachtain ón gComhairle ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus de réir an cháis. Tá sé faoi réir ceadú a fháil roimh ré ón gComhairle maidir le glacadh le dámhachtainí dá leithéid le linn téarma maoinithe na dámhachtana.

<sup>10</sup> Áirítear le sosanna gairme saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire thuismitheoireachta, saoire uchtaíoch, saoire bhreioiteachta fhaidréiseach, agus saoire cúramóra. Ní mór fianaise dhoiciméadaithe ar shos gairme incháilithe a chur ar fáil má tá sé i gceist eisceacht a iarraidh.

- Maidir le céadú a fháil ón gComhairle chun dámhachtain bhreise a choinneáil in éineacht le dámhachtain ón gComhairle, tá sé faoi réir dámhachtain na Comhairle a aithint ar an dámhachtain phríomha, agus é sin a aithint ar ábhar ar bith a bhaineann leis an dámhachtain (féach clásal 17.1).

## CLÁR STRUCHTÚRTHA PHD INCHÁILITHE

Is iad seo a leanas na buntréithe a bhaineann le clár struchtúrtha PHD in HEInna Éireannacha. D'fhéadfadh comhoibriú idir institiúidí bheith i gceist le cláir dá leithéid.

- Príomhghné de chlár struchtúrtha PhD is ea eolas a chur chun cinn trí thaighde úrnua a dhéanamh; tá an PhD leagtha amach chomh maith céanna chun riachtanais margadh fostaíochta atá níos leithne ná an saol acadúil a bhaint amach.
- Cuirtear taithí, oiliúint agus aschur taighde ardchaighdeáin ar fáil atá i gcomhréir le gnásanna agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta;
- Ní mór na gnéithe seo a leanas a bheith mar chuid de chlár struchtúrtha PhD chun tacú leis an mbunghníomhaíocht taighde:
- clár oideachais, oiliúna agus gníomhaíochtaí forbartha pearsanta agus gairme foirmiúla agus comhtháite,
- eolas, scileanna taighde agus scileanna cineálacha/inaistrithe a bhaineann go sonrach leis an disciplín a fhorbairt;
- torthaí maíte agus tréithe céimí i gcomhréir leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Cuirtear maoirseacht ar fáil ó phríomh-mhaoirseoir/príomh-mhaoirseoirí, in éineacht le painéal tacaíochta atá ceadaithe ag an institiúid de ghnáth;
- Déantar dul chun cinn agus críochnú a mhonatóiriú go foirmiúil in aghaidh critéir fhoilsithe agus cuirtear tacaíocht ar fáil trí shocruithe foirmiúla institiúideacha atá i gcomhréir leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Is é an bunús atá le céim PhD a bhronnadh ná an tráchtas taighde a chur i gcrích agus a scrúdú go rathúil. Ní chuirtear dochtúireachtaí gairmiúla as an áireamh i ndáil leis an sainmhíniú ar PhD struchtúrtha a bhreithniú;
- Moltar socrúcháin chuí, uainíochtaí agus lonnúcháin ar fud go leor earnálacha den gheilleagar a chur san áireamh mar chuid de chlár struchtúrtha PhD.

## AGUISÍN III – FAISNÉIS A BHAINNEANN GO SONRACH LE CLÁR GOIPD

### DÁMHACHTAINÍ IARDHOCHTÚIREACHTA - RIACHTANAIS INCHÁILITHEACHTA

Roghnófar sealbhóirí dámhachtana do dhámhachtainí i ndiaidh próiseas roghnaithe atá trédhearcach, bunaithe ar fhiúntas, neamhchlaonta agus cothrom, a bheidh bunaithe ar athbhreithniú ó phiaráí idirnáisiúnta. Cuirtear sonraí ar fáil sa Treoir d'Iarratasóirí maidir leis an bpróiseas agus na critéir mheastóireachta.

1. Ní mór do Shealbhóirí Dámhachtana Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- 1.1. ní mór gur bronnadh a gcéim dhochtúireachta orthu laistigh de thréimhse 5 bliana roimh an 31 Bealtaine 2021.<sup>11</sup> Chun críche an choinníll seo, glacfar dáta bronnta na céime san áireamh;

**nó**

- 1.2. ní mór a bheith deimhnithe gur chomhlíon an sealbhóir gach ceanglas a bhain le dámhachtain i leith céim dhochtúireachta laistigh de thréimhse 5 bliana roimh an 31 Bealtaine, lena n-áirítear tráchtas ceartaithe faoi chóip chrua a chur isteach, ach gan an chéim a bheith bainte amach go fóill.

**agus**

- 1.3. ní mór don sealbhóir bheith ina údar nó ina chomhúdar ar fhoilseachán taighde piarmheasúnaithe amháin<sup>12</sup> nó aschur maoin intleachtúil comhionann follasach a bheith ag an sealbhóir<sup>13</sup> nó samplaí a bheith curtha ar fáil den obair thaighde i scríbhinn atá déanta ag an sealbhóir mar seo a leanas:

- cóip den chlár ábhair óna thráchtas dochtúireachta;

**agus**

- caibidil amháin óna thráchtas dochtúireachta. Beidh d'iarratas neamh-incháilithe má chuireann tú níos mó ná caibidil amháin isteach.

- 1.4. Ní mór gan dhá iarratas gan rath a bheith déanta ag iarratasóirí ar an gclár roimhe seo. Áirítear leis sin iarratais ó 2019 i leith ar Scéim EMPOWER a reáchtáil Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht roimhe seo, agus Scéim Sealbhóra Dámhachtana Rialtas na hÉireann a reáchtáil an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna

<sup>11</sup> Is féidir breithniú a dhéanamh ar fhad a chur leis an tréimhse 5 bliana seo ar fhianaise dhoiciméadach ar shos gairme incháilithe a chur ar fáil; glactar sosanna gairme suas le 5 bliana san áireamh. Áirítear le sosanna gairme saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtaíoch, saoire thuismitheoireachta, saoire bhreiteachta fhaidréiseach, agus saoire cúramóra.

<sup>12</sup> Alt irise in iris idirnáisiúnta, nó páipéar imeachtaí comhdhála piarmheasúnaithe, atá foilsithe nó glactha lena fhoilsiú. Ní ghlacfar le hailt atá curtha isteach nó á n-ullmhú.

<sup>13</sup> Ar nós iarratas ar phaitinn comhdaithe, paitinn deonaithe, trádmarc, cóipcheart, dearadh tionscail, cuspa áisiúlachta, ciorcad comhtháite. Maidir le hinnealtóirí bogearraí a bhfuil rogha déanta acu a mbogearraí a scaipeadh gan srian seachas iad a chosaint le IP, is féidir glacadh le fianaise infhíoraithe ar íoslódálacha suntasacha de na bogearraí sin.



hEolaíochtaí Sóisialta roimhe seo.

#### 1.5. Comhalta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann:

1.5.1. Ní mór gan **Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann** nó **Enterprise Partnership Scheme Postdoctoral Fellowship**<sup>14</sup> a bheith aige/aici nó a bheith aige/aici roimhe seo;

1.5.2. Ní mór gan a bheith fostaithe mar thaighdeoir iardhochtúireachta ar feadh níos mó ná 5 bliana an 31 Bealtaine 2021;<sup>15</sup>

1.5.3. Ní mór gan a bheith mar *dhuine buan* den fhoireann in HEI/RPO Éireannach nó in HEI idirnáisiúnta.

#### 1.6. Féadfaidh sealbhóirí dámhachtana ó thír ar bith Dámhachtain Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann a choinneáil. Mar sin féin, ní mór do shealbhóirí faoin scéim seo:

- an príomháit chónaithe a choinneáil in Éirinn (mar a shainítear) le linn tréimhse an tsealbhóra Dámhachtana;

**agus**

- rialacháin an Stáit maidir le hinimirce a chomhlíonadh agus tacaíocht a bheith acu ón institiúid óstach maidir leis na rialacháin agus ceanglais sin mura bhfuil an sealbhóir ina náisiúnach de chuid bhallstát den Aontas Eorpach (AE).

1.7. Maidir le gach sealbhóir dámhachtana, beidh socruithe i ndáil le hinimirce ina cheist atá le réiteach idir an Sealbhóir dámhachtana agus an institiúid óstach agus na húdaráis inimirce ábhartha sa Stát. Féach <http://ec.europa.eu/euraxess/index.cfm/services/index> chun cúnamh a fháil ina leith sin.

1.8. Tá glacadh leis an dámhachtain faoi réir na dtéarmaí agus Coinníollacha seo agus an Treoir d'Iarratasóirí, ar in éineacht leis an Litir Thairisceana agus an Fhoirm Ghlacktha sínithe agus comhlánaithe, atá ar an mbunús ar a ndéantar an dámhachtain a choinneáil agus/nó a athnuachan.

## LUACHA NA DÁMHACHTANA IARDHOCHTÚIREACHTA

- Beidh luach iomlán Dhámhachtain Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann **ina uasmhéid suas le €45,985** i mbliain fhormheasta ar bith agus cuimseofar an méid seo a leanas:
  - **tuarastal €31,275 in aghaidh na bliana** (roimh cháin ioncaim agus asbhaintí sóisialta) laistigh den téarma maoinithe;
  - ranniócaíocht an fhostóra in árachas sóisialach pá-choibhneasa, **costais (PRSI) €3,455 (@11.05% den tuarastal)**;

<sup>14</sup> Tá comhaltaí a fostaíodh roimhe seo ar thionscadail a bhí maoinithe ag an gComhairle i dteideal Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann a choinneáil.

<sup>15</sup> Ní áireofar sosanna gairme incháilithe sna cúig bliana a ríomhtar. Glactar san áireamh sosanna gairme suas le 5 bliana.

- **ranniocaíocht pinsin an fhostóra, nuair is infheidhme, €6,255** (@ 20% den tuarastal). Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hincháilitheacht pinsin, déan tagairt do pholasaithe arna leagan amach ag an ósteagraíocht. Tá sé de dhualgas ar gach comhalta iardhochtúireachta an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le ceanglais pinsin le linn an tráth a ullmhaítear an Litir Thairisceana nó chomh gar do dháta tosaigh na dámhachtana agus is féidir;
  - **costais tacaíochta taighde díreacha €5,000 in aghaidh na bliana** le cur ar chumas an tSealbhóra dámhachtana an tionscadal taighde a chur i gcrích. Féach ar Aguisín 1 chun treoir a fháil faoin méid a mheastar a bheith ina chostas taighde díreach incháilithe;
  - saoire mháithreachais íoctha i gcomhréir le polasaí na hÉireann agus polasaí na Comhairle de réir mar a leagtar amach [anseo](#).
- **Is é an t-uasmhéid is féidir a chaitheamh in aon bhliain faoi leith i nDámhachtain Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann ná €45,985 mar aon le hiarmhéid de chostais tacaíochta taighde díreacha incháilithe nár caitheadh atá tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin ag Sealbhóir dámhachtana i gcás dámhachtain dhá bhliain. Seachas sin, ní féidir maoiniú a thabhairt ar aghaidh ó bhliain go bliain.**
  - D'ainneoin an chlásail thuas, tugtar cead d'institiúidí, nuair atáthar ag teacht le polasaithe institiúideacha, luach saothair a íoc ag ráta níos airde ná an ráta táscach le sealbhóirí Dámhachtana Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn trí úsáid a bhaint as foinse eile maoinithe. Ní féidir aon bhreisiú dá leithéid ar ráta na Comhairle don Sealbhóir dámhachtana a mhaoiniú ach ó fhoinsé eile seachas an sealbhóir Dámhachtana féin. Ní thabharfaidh an Chomhairle breithniú ar chinntí ná ní ghlacfaidh an Chomhairle páirt i gcinntí ar bith laistigh d'institiúidí i ndáil le maoiniú breisithe ar bith a dhéanamh ar thuarastail sealbhóirí Dámhachtana Rialtas na hÉireann.
  - Ní féidir leis an HEI/RPO Éireannach úsáid a bhaint as maoiniú ón gComhairle mar chuid de Chiste Dámhachtana Rialtas na hÉireann chun forchostais nó costais riaracháin a chlúdach.
  - Ní chuirfear maoiniú ar fáil ach don tionscadal taighde a léirítear san fhoirm iarratais, agus má dhealaíonn sé go bhfuil imeacht ar bith ó sin le linn an tionscadal taighde a fhorbairt, ní mór cead i scríbhinn a lorg ón gComhairle roimh ré. Déanfar iarratais dá leithéid a phiarmheasúnú go neamhspleách agus beidh cinneadh na Comhairle maidir leis an athrú/na hathruithe a fhorheas nó gan a fhorheas ina cinneadh deiridh.
  - Níl costais a thagann chun cinn lasmuigh den téarma maoinithe incháilithe faoin Dámhachtain. Áirítear leis sin tréimhsí fionraíochta na dámhachtana.

## **ACHAR NA DÁMHACHTANA IARDHOCHTÚIREACHTA**

Cuireann an Chomhairle trí chineál comhaltachta ar fáil trí Scéim Chomhaltachta Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann. Ní féidir le hiarratasóirí ach iarratas a dhéanamh ar chomhaltacht amháin.

<b>An Cineál Comhaltachta</b>	<b>Achar</b>	<b>Dáta Tosaigh</b>	<b>Láthair na Comhaltachta</b>
<b>Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (1 bhliain)</b>	<b>12 Mhí</b>	1 Deireadh Fómhair 2021	<b>HEI/RPO Éireannach</b>
<b>Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann ón gComhairle um Thaighde in Éirinn (2 bhliain)</b>	<b>24 Mí</b>	1 Deireadh Fómhair 2021	<b>HEI/RPO Éireannach</b>
<b>Comhaltacht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (2 bhliain)</b>	<b>24 Mí</b>	1 Deireadh Fómhair 2021	<b>HEI/RPO Éireannach</b>